



Ollscoil
Teicneolaíochta
an Atlantaigh

Atlantic
Technological
University

D'fhéadfadh sé nach léiríonn an t-eolas maidir leis an gcúrsa thíos sonraí atá suas chun dáta. Chun an t-eolas is déanaí a fháil, féach ar leathanach gréasáin beo an chúrsa. Tá an doiciméad seo cruinn ón 05/06/2026

This translated course information may not fully reflect the most up-to-date course details. For the latest information, please refer to the live course webpage. This document is accurate as of 05/06/2026

Turasóireacht Inbhuanaithe agus Bainistíocht Imeachtaí

Máistreacht san Eolaíocht

Sonraí an Chúrsa

Cód an Chúrsa	SG_BSUST_M09
Leibhéal	9
Fad	2 bhliain
Creidiúintí	90
Cineál Seachadta	Ar Líne
Láthair	Sligeach Cathair na Gaillimhe-Bóthar Bhaile Átha Cliath
Modh Seachadta	Páirt-aimseartha

[Déan Iarratas Anois](#)

[Conas Iarratas a Dhéanamh](#)

Léargas ar an gCúrsa

Fág do lorg ar an domhan! Roghnaigh an Turasóireacht Inbhuanaithe agus Bainistíocht Imeachtaí.

Tá Éire, mar cheantar turasóireachta, ina cheannródaí ar chúrsaí turasóireachta agus imeachtaí. Ach i ndomhan atá de shíor ag athrú, ní mór dúinn athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a gcuireann muid turasóireacht agus imeachtaí ar fáil, ní hamháin in Éirinn, ach ar fud an domhain, agus athshainiú a dhéanamh air. Tá a fhios againn ar fad an fáth go bhfuil tábhacht leis an inbhuanaitheacht. Leis an mháistreacht ar líne seo ó Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (OTA) i dTurasóireacht Inbhuanaithe agus Bainistíocht Imeachtaí, beidh sé ar do chumas an inbhuanaitheacht a neadú agus a ghlacadh isteach mar chuid den turasóireacht agus imeachtaí ag leibhéal níos leithne.

Is clár ann féin é an Msc ar líne mar gheall go ndíríonn sé ar thionscal na turasóireachta agus ar thionscal na n-imeachtaí araon. Tá na tionscail seo i gcroílár cé muid féin mar dhaoine, agus táimid ag súil go mór le bheith ag obair le foghlaimoirí a bhfuil dúshuim acu sa turasóireacht agus in imeachtaí, agus le heispéiris nach féidir dearmad a dhéanamh air a chruthú.

Leis an reachtaíocht, atá ag méadú, agus éilimh tomhaltóirí ar chleachtais níos eiticiúla agus níos inbhuanaithe, ní mór do gach ceantar turasóireachta agus eagraíocht feabhas a chur ar a gcuid scileanna chun freagairt do na forbairtí seo. Agus muid ag obair le chéile chun spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach in 2030 agus ina dhiaidh sin, cuirfidh an clár seo na scileanna agus an t-eolas ar fáil duit chun bheith i do cheannaire i saol spreagúil na turasóireachta inbhuanaithe agus na bainistíochta imeachtaí.

Cuirtear béim láidir ar thomhas agus monatóireacht mar phríomhfhócas an chláir seo. Mura féidir é a thomhas, ní féidir bainistiú a dhéanamh air, mar sin treorófar na foghlaimoirí chun tionchair eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil mar atá agus mar a bheidh a thomhas. Tagann sé seo le sainmhíniú na Náisiún Aontaithe ar thurasóireacht inbhuanaithe a iarrann go ndéanfaí freastal ar riachtanais na gcuairteoirí, an tionscail, an chomhshaoil agus na bpobal óstach.

Tá an clár seo, atá ar fáil ar líne, curtha le chéile chun freastal ar riachtanais cheannairí gnóthacha agus uailmhianacha in eagraíochtaí turasóireachta agus imeachtaí. Tacófar leo siúd i ról san earnáil phoiblí, nó san earnáil phríobháideach, bíodh siad ina ndaoine aonair, ina n-eagraíochtaí nó ina gceantar turasóireachta atá ag iarraidh a bheith ina gceannairí agus atá ar a n-aistear inbhuanaitheachta. Le chéile, foghlaimimid faoi thurasóireacht inbhuanaithe agus éispéiris imeachtaí a fhorbairt, tionchar comhshaoil a laghdú, agus imeachtaí a chruthú a fhágann tionchar dearfach.

Saineolaithe Tionscail, Tionscadail ón bhFíorshaoil, agus Peirspictíocht Dhomhanda

- Beidh an clár á sheachadadh ag comhaltaí dáimhe aitheanta atá ina gceannairí tionscail i réimsí na hinbhuanaitheachta, na turasóireachta agus bainistíocht imeachtaí.
- Cuirfidh tionscadail ón bhfíorshaoil ar do chumas do chuid eolais a chur i bhfeidhm i suíomh praiticiúil a rachaidh chun tairbhe d'eagraíochta, do réimse taighde, nó do cheantar féin.
- Tógfar peirspictíocht dhomhanda a ullmhóidh tú do shaol gairmiúil in áit ar bith ar domhan.

Gheobhaidh tú saineolas sna réimsí seo:

- Táscairí inbhuanaitheachta.
- Tomhais agus monatóireacht a dhéanamh ar thionchar na turasóireachta agus imeachtaí.
- Ceannaireacht chomhshaoil, shóisialta agus rialachais.

Tá eanáil turasóireachta agus fáilteachais na hÉireann lárnach do gheilleagar bríomhar in Éirinn agus dá réir sin, chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna ganntanas scileanna, tá gá le tuilleadh forbartha ar chúrsaí tríú leibhéal. Is inniúlachtaí ceannaireachta ríthábhachtacha iad bainistíocht, monatóireacht agus tomhas a theastaíonn chun stiúradh a dhéanamh ar thionscail na turasóireachta agus na n-imeachtaí atá de shíor ag athrú de réir mar a éilíonn gnólachtaí, an tsochaí agus custaiméirí todhchaí inbhuanaithe.

Is é aidhm an **Mháistreachta sa Turasóireacht Inbhuanaithe & Bainistíocht Imeachtaí** agus na gclár gaolmhar ná an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí i dturasóireacht inbhuanaithe agus i mbainistíocht imeachtaí a chur ar fáil d'fhoghlaimoirí chun cabhrú leo poist shinsearacha ceannaireachta agus bainistíochta a fháil i mbainistíocht turasóireachta agus imeachtaí, i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), agus in údaráis phoiblí agus áitiúla. Mar chuid den MSc sa Turasóireacht Inbhuanaithe & Bainistíocht Imeachtaí, bíonn deis ag lucht foghlama rannchuidiú nuálach a dhéanamh trí pháosa taighde bunaidh mar chuid dá dtráchtas nó dá dtionscadal deiridh.

Cuirfidh an clár seo ar chumas céimithe oibriú mar bhaill shaineolacha d'fhoireann a bhaineann le bainistíocht inbhuanaithe ceantar, comhairleoireacht, nuálaíocht agus an saol acadúil i réimse na turasóireachta inbhuanaithe agus bainistíocht imeachtaí.

Chomh maith leis sin, cuirfidh an tsraith clár cáilíocht iarchéime ar fáil i dturasóireacht inbhuanaithe agus i mbainistíocht imeachtaí a chuirfidh le geilleagair buan náisiúnta agus réigiúnacha. Comhlíonfaidh an clár éileamh an tionscail chun táscairí turasóireachta inbhuanaithe a thomhas, a thuairisciú agus monatóireacht a dhéanamh orthu agus aistriú á dhéanamh chuig ceantair neodracha.

Is í an turasóireacht an tionscal dúchasach is mó in Éirinn agus tá go leor deiseanna gairme éagsúla ag baint léi, in Éirinn agus go hidirnáisiúnta, ag gach leibhéal bainistíochta i raon leathan eagraíochtaí turasóireachta agus imeachtaí. Dá bhrí sin, meastar gurb iad próifíl an fhoghlaimora don ghradam seo iad siúd atá ag obair i ról bainistíochta/gnó nó i dtreo ról den sórt sin atá ag iarraidh scileanna nua a fhorbairt d'fhonn forbairt phearsanta a dhéanamh agus éifeachtacht agus éifeachtúlacht a n-inniúlachtaí turasóireachta inbhuanaithe agus bainistíochta imeachtaí a fheabhsú.

Chomh maith le gairmithe tionscail, tá an clár seo beartaithe freisin do chéimithe oiriúnacha atá ag dul ar aghaidh ón leibhéal fochéime ar mian leo díriú ar thurasóireacht agus ar bhainistíocht imeachtaí. Cuirfidh an cúrsa seo ar chumas foghlaimoirí scileanna agus eolas ábhartha a fhorbairt a chabhróidh leo a gcumas a roinnt nuair a théann siad ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile dá ngairmeacha beatha.

Gnéithe agus buntáistí a bhaineann leis an gcúrsa:

- Staidéar páirtaimseartha solúbtha – is ar líne a chuirfear an clár seo ar fáil um thráthnóna, rud a ligeann duit do chuid staidéir a shocrú timpeall ar do chuid oibre agus nithe eile. Déanfar taifead ar léachtaí beo agus beifear in ann teacht ar ábhar gach modúl ag am ar bith ó áit ar bith ar domhan.

- Modh foghlama atá oiriúnach duit – staidéar i dtreo cháilíocht Máistreacht san Eolaíocht (MSc) i mBainistíocht Turasóireachta agus Imeachtaí Inbhuanaithe thar tréimhse a oireann do do riachtanais féin.
- Is féidir le foghlaimeoirí dul ar aghaidh freisin ón dá Theastas Seimeastair Aonair agus ón Teastas iarchéime (PG) chuig an Mháistreacht, nó clárú go díreach sa chlár Máistreachta ó thús a gcuid staidéir.
- Mar mhac léinn ar líne sa MSc i mBainistíocht Turasóireachta agus Imeachtaí Inbhuanaithe (2 bhliain páirtaimseartha) beidh suas le 3 go 3.5 uair an chloig de léachtaí agat gach seachtain, chomh maith le tuilleadh ama a chaitheamh ar do chuid léitheoireachta féin agus ar thionscadail de réir mar is gá.
- Beidh ceardlanna agus cuairteanna chuig ceantair turasóireachta chun feiceáil conas is féidir an t-eolas atá á fháil agat sa rang a chur i bhfeidhm sa tionscal.
- Cur i bhfeidhm praiticiúil coincheapa a thugann an t-eolas agus na scileanna cuí do chéimithe chun réitigh agus deiseanna inbhuanaithe a aithint.
- Tuiscint ar na teoiricí is déanaí agus is oiriúnaí a bhaineann leis an réimse a fhorbairt.

Creidiúnú Seachtrach

Tá an MSc i dTurasóireacht Inbhuanaithe agus i mBainistíocht Imeachtaí in Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (ATU) creidiúnaithe ag *A Greener Future*, rud a thugann aitheantas dá tiomantas don inbhuanaitheacht agus don sármhaitheas. Leagann an creidiúnú mór le rá seo béim ar dhíriú an chúrsa ar na scileanna agus an t-eolas a thabhairt do mhic léinn chun cleachtais inbhuanaithe a threorú i dtionscail na turasóireachta agus na n-imeachtaí, rud a chinntíonn go bhfuil siad ullmhaithe chun tionchar dearfach a imirt ar fud an domhain.



Sonraí an Chúrsa

Bliain 1

Seimeastar	Sonraí an Mhodúil	Creidiúintí	Modúil Éigeantacha/Roghnacha
1	<p>Turasóireacht Inbhuanaithe agus Tionchar Bainistíocht Imeachtaí</p> <p>Tá an modúl seo curtha le chéile chun na coincheapa agus na saincheisteanna tábhachtacha a bhaineann le measúnú agus bainistiú thionchar na turasóireachta agus imeachtaí a chur faoi bhráid na mac léinn. Tá sé mar aidhm leis cumais na mac léinn a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar na tionchair ar cheantair mhaireachtála agus na coincheapa agus na fealsúnachtaí tábhachtacha maidir le bainistíocht inbhuanaithe mar uirlis chun dul i ngleic leis na tionchair seo. Mínítear ann bunús na forbartha inbhuanaithe, Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (UNSDG), agus an turasóireacht inbhuanaithe go hidirnáisiúnta agus in Éirinn. Forbrófar feachtas chriticiúil ar gheilleagair, ar mhargáíocht, ar dheimhniú agus ar bhainistíocht turasóireachta inbhuanaithe le linn an mhodúil seo.</p> <p>Torthaí Foghlama</p> <ol style="list-style-type: none">1. Measúnú criticiúil a dhéanamh ar thionchair eacnamaíocha, chomhshaoil agus soch-chultúrtha na turasóireachta agus imeachtaí.2. Tabharfar breithmheas ar chomhthéacsanna éagsúla na pleanála inbhuanaithe, Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (UNSDG), Eagraíocht Dhomhanda Turasóireachta na Náisiún Aontaithe (UNWTO), Córas Táscaire Turasóireachta na hEorpa (ETIS), agus táscairí turasóireachta inbhuanaithe Chomhairle Dhomhanda na Turasóireachta Inbhuanaithe (GSTC) le haghaidh bainistíocht inbhuanaithe atá bunaithe ar fhianaise ag leibhéal an cheantair turasóireachta.3. Scrúdófar raon córas measúnaithe tionchair speisialaithe chun tionchair na turasóireachta agus imeachtaí a thomhas, a bhainistiú agus chun monatóireacht a dhéanamh orthu.4. Eolas, scileanna agus tuiscint a úsáid chun tionchar na turasóireachta agus imeachtaí a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe.	5	Modúil Éigeantach

1	<p>Pleanáil agus Polasaí Straitéiseach don Turasóireacht agus don Bhainistíocht Imeachtaí</p> <p>Tabharfaidh an modúl seo tuiscint chriticiúil ar fhorbairt beartais straitéisigh agus ar chur chuige pleanála d’eagraíochtaí turasóireachta agus bainistíochta imeachtaí. Cuirfidh sé feabhas ar chumais maidir le smaointeoireacht straitéiseach agus réiteach fadhbanna laistigh den tionscal, lena n-áirítear DMCanna (Comhlachtaí Bainistíochta Ceannsprice), agus na hearnálacha MICE (Cruinnithe, Dreasachtaí, Comhdhálacha agus Taispeántais). Déanfar iniúchadh criticiúil ar fhorbairt beartais straitéisigh agus ar phleanáil le haghaidh turasóireacht agus bainistíocht imeachtaí, agus luachanna inbhuanaitheachta comhshaoil, eacnamaíochta agus soch-chultúrtha mar bhonn agus mar thaca leo lena n-áirítear comhthuiscint ábhartha ó gheallsealbhóirí.</p> <p>Torthaí Foghlama</p> <ol style="list-style-type: none"> 1. Measúnú criticiúil ar phleanáil straitéisí turasóireachta agus imeachtaí agus ar an bpróiseas a bhaineann le forbairt beartais. 2. Ailíniú a dhéanamh ar chomhthéacsanna éagsúla foirmiú beartais turasóireachta agus an phróisis pleanála turasóireachta ar bhealach straitéiseach, ó pheirspictíocht na heagraíochta. 3. Measúnú criticiúil a dhéanamh ar chumas na heagraíochta maidir le pleanáil turasóireachta agus beartais a bhunú trí lionsa na forbartha inbhuanaithe. 4. Cur i bhfeidhm cumas eolais, scileanna, cleachtais agus smaointeoireachta straitéisí le haghaidh pleanála agus beartais do thurasóireacht agus imeachtaí. 	5	Modúl Éigeantach
1	<p>Margaíocht Inbhuanaithe Taithí agus Rannpháirtíochta</p> <p>Tá sé mar aidhm leis an modúl seo tuiscint a thabhairt do mhic léinn ar an gceangal atá idir an inbhuanaitheacht agus margaíocht eispéireasach agus rannpháirtíochta. Scrúdófar mar is féidir margaíocht eispéireasach agus rannpháirtíochta a úsáid chun tomhaltas níos inbhuanaithe a spreagadh agus tionchar dearfach a imirt ar fheidhmíocht eagraíochtúil. Déanfaidh mic léinn measúnú ar theoiric chomhaimseartha margaíochta agus inbhuanaitheachta, a chuirfear i bhfeidhm i gcásanna praiticiúla.</p>	5	Modúl Éigeantach

	<p>Le linn an mhodúil, déanfaidh mic léinn athbhreithniú criticiúil, plé agus machnamh ar mhargaíocht eispéireasach agus rannpháirtíochta ó pheirspictíocht na hinbhuanaitheachta. Breithneofar cur chuige traidisiúnta agus digiteacha margaíochta, ag tacú le mic léinn plean margaíochta straitéiseach feidhmeach a chur i gcrích do cheannphointe/eagraíocht ar leith.</p> <p>Torthaí Foghlama</p> <ol style="list-style-type: none"> 1. Measúnú criticiúil a dhéanamh ar mhargaíocht inbhuanaithe eispéireach agus rannpháirtíochta agus a suntas i spás margaíochta an lae inniu. 2. Measúnú criticiúil a dhéanamh ar na príomhphrionsabail agus na cúinsí maidir le hinbhuanaitheacht a ionchorprú i bhfeachtais mhargaíochta eispéireach agus rannpháirtíochta. 3. Straitéisí margaíochta a chur le chéile do sprioclucht féachana éagsúla. 4. Plean margaíochta inbhuanaithe eispéireach agus rannpháirtíochta a fhorbairt a thagann le luachanna branda agus a bhaineann amach na cuspóirí margaíochta inmhianaithe. 5. Measúnú a dhéanamh ar thionchar na margaíochta eispéireach inbhuanaithe ar cháil branda, ar rannpháirtíocht chustaiméirí agus ar inbhuanaitheacht ghnó. 		
2	<p>Ceannaireacht i Rialachas Sóisialta Comhshaoil (ESG)</p> <p>Is é aidhm an mhodúil seo ligean do mhic léinn tuiscint a fháil ar thábhacht straitéise ceannaireachta inbhuanaitheachta a chuimsíonn ESG i ngach gné den slabhra luacha ó phróisis go hoibríochtaí agus plean inláimhsithe a chruthú a dhíríonn ar thionchair an athraithe aeráide ar chlaochlú ceantair/eagraíochta a fheabhsóidh luach branda agus an tsochaí.</p> <p>Torthaí Foghlama</p> <ol style="list-style-type: none"> 1. Measúnú criticiúil a dhéanamh ar phríomhghnéithe comhshaoil, sóisialta agus rialachais (ESG). 2. Léirmheas a thabhairt ar ról an cheantair/na heagraíochta agus a chaidreamh leis an timpeallacht ina bhfeidhmíonn sé/sí. 3. Measúnú a dhéanamh ar na príomhthréithe ceannaireachta atá riachtanach le haghaidh cur i bhfeidhm éifeachtach ESG. 4. Cur chuige smaointeoireachta córasach a fhorbairt le haghaidh Bainistíocht éifeachtach ESG ag baint úsáide as an sé chaipiteal seo – caipiteal 	5	Modúl Éigeantach

	airgeadais, déantúsaíochta, intleachtúil, daonna, sóisialta agus caidrimh, agus nádúrtha.		
2	<p>Tomhas agus Monatóireacht ar an Turasóireacht Inbhuanaithe agus ar Imeachtaí</p> <p>Forbrófar leis an modúl seo tuiscint chriticiúil ar thomhas agus monatóireacht i dtaobh na turasóireachta inbhuanaithe agus bainistíocht imeachtaí. Cuirfidh sé feabhas ar thuiscint straitéiseach agus ar an gcumas modheolaíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le haghaidh ríomh agus meastóireacht méadrach turasóireachta inbhuanaithe agus bainistíochta imeachtaí. Trí bhonn teoiriciúil agus cur i bhfeidhm praiticiúil, cuirfear córais monatóireachta agus tomhais i bhfeidhm i gcomhthéacs forbartha agus bainistíochta ceantar turasóireachta</p> <p>Torthaí Foghlama</p> <ol style="list-style-type: none"> 1. Measúnú criticiúil a dhéanamh ar chur i bhfeidhm coincheapa, teoiricí, prionsabal, samhlacha agus táscairí turasóireachta inbhuanaithe chun turasóireacht agus imeachtaí a thomhas agus chun monatóireacht a dhéanamh orthu. 2. An gaol a thuiscint agus an teoiric a chur i bhfeidhm maidir le táscairí inbhuanaithe a thomhas agus monatóireacht a dhéanamh orthu chun planáil atá bunaithe ar fhianaise a chinntiú. 3. Measúnú a dhéanamh ar chumas uirlisí monatóireachta agus tomhais chun meadrachtaí casta turasóireachta inbhuanaithe agus imeachtaí a thomhas go cruinn. 4. Próiseas turasóireachta inbhuanaithe chomh maith le tomhais agus monatóireacht imeachtaí a cheapadh agus a mheas. 	5	Modúl Éigeantach
2	<p>Dearadh & Forbairt Taighde</p> <p>Cuirfidh an modúl seo na scileanna taighde riachtanacha ar fáil don fhoghlaimoir chun an tionscadal taighde ag leibhéal 9 a chur i gcrích. Déanfaidh foghlaimoirí athbhreithniú criticiúil ar an litríocht, pléifidh siad a seasamh ointeolaíoch agus eipistéimeolaíoch; paraidímí agus modheolaíochtaí an staidéir taighde; modhanna bailiúcháin sonraí agus anailíse sonraí. Gheobhaidh an foghlaimoir an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí chun oiriúnacht modhanna aonair i gcomhthéacsanna taighde ar leith a chinneadh. Déanfar plé ar shaincheisteanna maidir le heitic taighde, bailíocht</p>	5	Modúil Éigeantach

	<p>agus iontaofacht na bparaidímí agus na modhanna a roghnaíodh. Forbróidh foghlaimeoirí scileanna bainistíochta tionscadal taighde atá infheidhme ní hamháin chun tionscadal taighde suntasach a dhéanamh ach freisin maidir lena ngníomhaíochtaí ceannaireachta amach anseo.</p> <p>Déanfar iniúchadh ar roinnt modheolaíochtaí taighde agus modhanna bailiúcháin sonraí mar chuid den mhodúl seo. Forbróidh an lucht foghlama scileanna bainistíochta tionscadal taighde atá infheidhme ní hamháin chun tionscadal taighde suntasach a dhéanamh ach freisin ag tarraingt ar na tréithe ceannaireachta éagsúla ó na modúil múinte.</p> <p>Torthaí Foghlama</p> <ol style="list-style-type: none"> 1. Measúnú criticiúil a dhéanamh ar an eolas atá ann cheana féin agus a chur i bhfeidhm i réimse taighde roghnaithe an mhic léinn. 2. Feasacht chriticiúil a fhorbairt ar fhadhbanna reatha agus/nó léargais nua, a bhíonn bunaithe de ghnáth ar an taighde is déanaí ina réimse roghnaithe. 3. Anailís a dhéanamh ar pharaidímí fiosrúcháin taighde agus míniú mar a oireann na paraidímí roghnaithe dá réimse spéise taighde. 4. Pléi agus moladh a dhéanamh ar réimse uirlisí agus teicnící bailiúcháin agus anailíse sonraí a bhaineann lena staidéar. 5. Breithiúnas a thabhairt ar thábhacht na heitice d'aon staidéar taighde agus é seo a chur san áireamh ina dtogra taighde. 6. Tuiscint chriticiúil a léiriú ar scileanna bainistíochta tionscadail chuí chun a chinntiú go gcríochnófar tionscadal taighde leibhéal 9 go rathúil. 		
3	<p>Tionscadal Taighde/Buaic-thionscadal</p> <p>Sa mhodúl seo, déanfaidh an foghlaimeoir tionscadal taighde/buaic-thionscadal aonair i réimse lárnach den chlár. Is é cuspóir an tionscadail taighde ná measúnú neamhspleách agus criticiúil a sholáthar ar shaincheist, ina bhfuil ar an bhfoghlaimeoir a c(h)umas a léiriú i dtaighde ar ardleibhéal, i ndearadh agus i gcur i gcrích cur chuige modheolaíoch, i bhforbairt coincheapa agus i dtuairisciú. Cuirfidh sé seo ar chumas an foghlaimeora scrúdú a dhéanamh ar shaincheist/réimse spéise gairmiúil sa bhfíorshaol,</p>	60	Modúl Éigeantach

ag baint úsáide as eolas, scileanna agus inniúlachtaí a fuarthas i gcéimeanna níos luaithe den chlár.

Roghnóidh, athróidh agus cuirfidh foghlaimeoirí scileanna taighde i bhfeidhm, chun anailís chriticiúil a dhéanamh, taighde a dhéanamh go neamhspleách agus freagraí a cheapadh ar fhadhbanna casta, dothuartha - chun eolas, smaointe, próisis agus nósanna imeachta nua a fhorbairt. Déanfaidh siad cinneadh ar phlean oibre, scrúdóidh agus sainmhíneoidh siad an/na saincheisteanna, déanfaidh siad athbhreithniú criticiúil ar an litríocht atá ann cheana féin, cinnfidh siad an mhodheolaíocht agus an modh is fearr chun an tionscadal a dhéanamh, déanfaidh siad meastóireacht ar chonclúidí bunaithe ar fhianaise agus ullmhóidh siad agus cuirfidh siad a gcuid torthaí i láthair. Críochnóidh an obair le tráchtas taighde/tuarascáil tionscadail deiridh a chur isteach, áit a mbeidh ar an bhfoghlaimeoir a t(h)ionscadal a chur i láthair agus páirt a ghlacadh i scrúdú viva voce.

Torthaí Foghlama

1. Modheolaíocht taighde agus plan tionscadail a fhorbairt do thionscadal taighde lena n-áirítear measúnú criticiúil a dhéanamh ar éifeachtacht aon chur chuige taighde a shainaithnítear.
2. Litríocht a scrúdú ar mhodh criticiúil agus conclúidí a bhaint as an eolas seo chun eolas agus tuiscint bhreise a bheith agat ar fhadhb nach bhfuil eolas agat uirthi agus/nó atá sainmhínithe go dona.
3. Raon taighde caighdeánach agus speisialaithe nó uirlisí agus teicnící fiosrúcháin choibhéiseacha a roghnú agus a chur i bhfeidhm ar an tionscadal taighde.
4. Brí a bhaint as sonraí úrscothacha i réimse ábhartha chun iad a mheas agus a tharraingt le chéile.
5. An tionscadal taighde a dhéanamh ar bhealach eiticíúil.
6. Tráchtas taighde a chur i dtoll a chéile ar bhealach atá oiriúnach do dhámhachtain leibhéal 9 ina dtugtar sonraí agus meastóireacht ar an obair a rinneadh agus ina dtugtar údar leis na conclúidí ar thángthas orthu.

	7. Bailíocht an phróisis taighde a rinneadh a léiriú.		
--	-------------------------------------------------------	--	--

Uaireanta Staidéir Molta in aghaidh na seachtaine

De ghnáth, beidh léachtaí beo 1 go 2 uair an chloig i modúil mhúinte, tráthnóna nó dhó sa tseachtain, i gcéim 1 den chlár. Beifear ag súil go ndéanfaidh mic léinn 4 go 6 uair an chloig breise d'fhoghlaim neamhspleách in aghaidh na seachtaine do gach modúl. I gcás an mhodúil tráchtais, Céim 2 den chlár, gheobhaidh mic léinn 1.5 uair an chloig de mhaoirseacht dhíreach le saineolaithe ábhair chun tacaíocht agus treoir a thabhairt dóibh leis an tionscadal taighde.

De ghnáth, beidh ceardlanna duine le duine ann faoi dhó sa seimeastar ach cuirfear eolas faoi seo ar fáil ag tús na bliana acadúla.

Scrúdú agus Measúnú

Tá fócas tionscail agus feidhmeach ag na measúnuithe ar an gclár seo le straitéis measúnaithe leanúnach 100% do na modúil uile. Níl aon scrúduithe deiridh mar chuid den chlár seo. Tacóidh an cur chuige seo le mic léinn an méid a fhoghlaiméoidh siad a chur i bhfeidhm go díreach ina n-eagraíochtaí nó ina gceantar turasóireachta chun saincheisteanna ábhartha tionscail a réiteach. Tacóidh na ceardlanna/cuariteanna ceantair/turais allamuigh atá beartaithe leis an straitéis mheasúnaithe seo, áit a bhfeicfidh na mic léinn fíorfhadhbanna a gcaithfidh an eanáil aghaidh a thabhairt orthu.

Riachtanas Freastal ar an gCampas

Cé go bhfuil an clár go hiomlán ar líne, réachtálfar ceardlanna aghaidh ar aghaidh do mhic léinn. Deimhneofar dáta na gceardlann seo ag tús na bliana acadúla ach beidh dhá cheardlann aghaidh ar aghaidh in aghaidh an tseimeastair sa chéad bhliain den chlár. Tá sé mar aidhm leis na ceardlanna seo naisc, sprid agus comhtháthú a chothú idir na mic léinn agus go gcuirfidh siad aithne ar fhoireann an chlár. Cuirfidh ábhar na gceardlann cás-staidéir phraiticiúla úsáideacha ar fáil ar féidir a úsáid le linn an chúrsa.

Tabhair faoi deara: Seiceáil riachtanais Scrúduithe agus Measúnaithe an chlár, mar d'fhéadfadh scrúduithe, a dhéanfar ar an gcampas, a bheith i gceist leo.

Conair Forchéimnithe

Nuair a bheidh an **MSc i dTurasóireacht Inbhuanaithe & Bainistíocht Imeachtaí** críochnaithe agat, is féidir cinneadh a dhéanamh dul ar aghaidh le staidéar a dhéanamh ar PhD in Ollscoil Teicneolaíocht an Atlantaigh.

Tá an **MSc i dTurasóireacht Inbhuanaithe & Bainistíocht Imeachtaí** mar chuid de shraith clár iarchéime Turasóireachta agus Bainistíochta Imeachtaí a chuireann OTA ar fáil. Is éard atá sa tsraith clár seo ná:

- Is féidir an Msc i dTurasóireacht Inbhuanaithe & Bainistíocht Imeachtaí a chríochnú ar líne i 2 bhliain go páirtaimseartha. Is féidir le lucht foghlama a bhfuil an dá theastas/teastas iarchéime críochnaithe acu tráchtas nó

tionscadal deiridh a chríochnú chun a gcáilíocht mháistreachta a bhaint amach.

- Is féidir an [Teastas larchéime i dTurasóireacht Inbhuanaithe & Bainistíocht Imeachtaí](#) a chríochnú ar líne thar bliain acadúil amháin (2 sheimeastar).
- Is féidir an [Teastas i dTurasáíocht Inbhuanaithe & Bainistíocht Imeachtaí](#) agus an [Teastas i dTurasáíocht Inbhuanaithe & Tomhas agus Monatóireacht Imeachtaí](#) a dhéanamh go pártaimseartha, ar líne, thar seimeastar amháin.

Leis an tsraith clár seo, is féidir leis an bhfoghlaimoir a aistear foghlama féin a chur in oiriúint – is féidir le foghlaimoirí rogha a dhéanamh clárú don MSc i dTurasóireacht Inbhuanaithe & Bainistíocht Imeachtaí ag tús an aistir nó dul ar aghaidh ó Theastas go Teastas larchéime agus ansin ar aghaidh go dtí an Mháistreacht, de réir mar a oireann dá riachtanais foghlama. Féach ar na leathanaigh ghréasáin éagsúla le haghaidh tuilleadh sonraí maidir leis na cláir.

Riachtanais Iontrála

Ní mór d'iarrthóirí céim Baitsiléara Gnó Leibhéal 8 a bheith acu le grád H2.2 ar a laghad i ndisciplín na turasóireachta, imeachtaí, fáilteachais, gnó, margaíochta, nó disciplín gnó gaolmhar eile.

Beidh ar iarrthóirí nach gcomhlíonann an caighdeán feidhmíochta H2.2 i ndámhachtain Leibhéal 8 iarratas a dhéanamh trí phróiseas Aitheantas Réamhfhoghlama (RPL) OTA.

Táillí

Táillí Iomlána d'iarrthóirí ón AE: €6,300

Táillí Iomlána d'iarrthóirí nach ón AE iad: €6,300



Áiteanna Lascainithe/Páirtmhaoinithe tríd an *National Organic Training Skillnet* (NOTS):

Tá líon teoranta áiteanna maoinithe ann do rannpháirtithe incháilithe i bPoblacht na hÉireann, ar féidir leo leas a bhaint as laghdú costais 35% ar tháillí an chúrsa don chéad Bhliain den chlár MSc trí chomhpháirtíocht maoinithe *National Organic Training Skillnet*. Téigh chuig [Turasóireacht Inbhuanaithe & Bainistíocht Imeachtaí](#)

[\(ATU\) – NOTS](#) agus cláraigh trí NOTS le leas a bhaint as a ráta maoinithe speisialta do na cláir seo.

Gairmeacha

Bí i do cheannaire do thodhchaí na turasóireachta agus na n-imeachtaí. Déan difríocht agus éispéiris dhochreidte á gcruthú agat.

Tá an clár seo deartha chun deiseanna gairme an fhoghlaimora, sa tionscal turasóireachta agus bainistíochta imeachtaí, a fheabhsú. Tá deiseanna fostaíochta ar fáil san earnáil phríobháideach nó san earnáil phoiblí agus féadfaidh foghlaimoirí cinneadh a dhéanamh tionscnaimh fiontraíochta a dhéanamh ar mhaithe le féinfhostaíocht. Tá an-tóir ar chéimithe sa turasóireacht agus in imeachtaí, agus is féidir na scileanna a fhorbraítear a aistriú go hidirnáisiúnta agus ó ghné amháin den tionscal go gné eile.

Tugann sé seo ar an bhfoghlaimoir staidéar a dhéanamh ar mhodúil turasóireachta agus bainistíocht imeachtaí ar fud an chláir. Cuirfidh torthaí an chláir eolas agus scileanna ar fáil don mhac léinn chun feidhmiú go héifeachtach ag ardleibhéal san earnáil. Cé go mbeidh spéis ag lucht féachana leathan agus éagsúil sa turasóireacht, sa bhainistíocht imeachtaí agus sa ghnó sa chlár, áireofar ar a laghad na nithe seo a leanas i measc na ndeiseanna sonracha gairme agus dul chun cinn gairme a dtacódh an dámhachtain leo:

- Oifigeach Turasóireachta Inbhuanaithe
- Bainisteoir Inbhuanaitheachta Turasóireachta
- Oifigeach Cumarsáide Inbhuanaitheachta
- Comhairleoir Inbhuanaitheachta & Gníomhaíochta Aeráide
- Speisialtóir Beartais Inbhuanaitheachta
- Stiúrthóir Margaíochta Ceantar Turasóireachta
- Speisialtóir Margaíochta ar cruthú thaithí
- Bainisteoir Imeachtaí Margaíochta
- Feidhmeannach Caidreamh Poiblí & Imeachtaí
- Speisialtóir Léiriúcháin Imeachtaí
- Bainisteoir Oibríochtaí Ionaid
- Pleanálaí ar imeachtaí don Chomhshaol

Tuilleadh Eolais

Cé dó/di atá an cúrsa seo?

Táthar ag súil go mbeidh próifíl an fhoghlaimora don ghradam seo dírithe ar dhaoine atá ag obair i ról bainistíochta/gnó nó i dtreo ról den sórt sin agus atá ag iarraidh scileanna nua a fhorbairt d'fhonn forbairt phearsanta a dhéanamh agus éifeachtacht agus éifeachtúlacht a n-inniúlachtaí turasóireachta inbhuanaithe agus bainistíochta imeachtaí a fheabhsú. Chomh maith le gairmithe tionscail, tá an clár seo beartaithe do chéimithe oiriúnacha atá ag bogadh ar aghaidh ón leibhéal fochéime agus ar mian leo díriú ar chúrsaí turasóireachta agus ar bhainistíocht imeachtaí. Tabharfaidh an cúrsa seo deis d'fhoghlaimoirí scileanna agus eolas

ábhartha a fhorbairt a chabhróidh leo barr a gcumais a bhaint amach nuair a théann siad ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile dá ngairmeacha beatha.

Dáta Deiridh a nGlacfar le hlarratais

14 Lúnasa 2026

Dáta Tosaigh

1 Meán Fómhair 2026

Eolas Teagmhála

An Oifig Iontrála

F: +353 (0) 71 931 8511

R: admissions.sligo@atu.ie

Comhairleoir do Mhic Léinn Ar Líne

Saoirse Kennedy

F: +353 (0) 71 930 5482

R: Saoirse.kennedy@atu.ie